

Cuntas Leithreasa 2025

Vóta 29

Aeráid, Fuinneamh agus an Comhshaol

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 29, ceanglaítear orm gach bliain an cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an riachtanas sin, tá an cuntas atá faoi cheangal ullmhaithe agam maidir leis an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2025, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí i gcabhair ar chaiteachas na bliana.

Tá barrachas €78.14 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Stáitchiste.

Tá ráiteas na mbeartas agus na bprionsabal cuntasaíochta agus nótaí 1 go 7 mar chuid den chuntas.

Aistriú feidhmeanna

Tar éis an athraithe rialtais in 2025, athleagadh amach na Ranna Rialtais éagsúla. Mar thoradh air sin, aistríodh na feidhmeanna seo a leanas ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

- Aistríodh feidhmeanna cumarsáide na Roinne a bhíodh ann roimhe chuig an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt an 1 Meitheamh 2025 faoi IR 237/2025, an tOrdú Teileachumarsáide (Aistriú ar Riarachán agus Feidhmeanna Aireachta na Roinne), 2025.
- Aistríodh feidhmeanna cibearshlándála na Roinne a bhíodh ann roimhe chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce an 1 Meitheamh 2025 faoi IR 234/2025, an tOrdú Cibearshlándála (Aistriú ar Riarachán agus Feidhmeanna Aireachta na Roinne), 2025.

Athainmníodh an Roinn an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil faoi IR 235/2025, an tOrdú 2025 maidir leis an gComhshaol, Aeráid agus Cumarsáid (Athrú ar Ainm na Roinne agus ar Theideal an Aire), le héifeacht ón 2 Meitheamh 2025.

Ina theannta sin, an 1 Lúnasa 2025, aistríodh na feidhmeanna a bhaineann leis an timpeallacht mhuirí ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht chuig an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil faoi IR 390/2025, an tOrdú maidir leis an Timpeallacht Mhuirí (Aistriú ar Riarachán agus Feidhmeanna Aireachta na Roinne), 2025.

Léirítear sa chuntas leithreasa, nach mór dó foirm agus leagan amach an mheastacháin ábhartha a leanúint, an t-aistriú ar na feidhmeanna thuas ar bhonn bliana iomláine.

An ráiteas ar bheartais agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na gnáthbheartais agus prionsabail chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a chur i dtoll a chéile i bhfeidhm, mar a leagtar amach i gCiorclán 25 de 2025 ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, nuair a bhí an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur chun feidhme roinnt Caighdeáin Chuntasaíochta Rialtais Láir (CGAS) a tugadh i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí cuntais ag tosú ón 1 Eanáir 2025.

Chun an t-aistriú ón gcuntas leithreasa chuig Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir a éascú, tá maoluithe áirithe faighte ag an Roinn maidir le CGAS 17 Maoín, Fearas agus Trealamh i dtaca leis an gcuntas leithreasa do 2025.

Níor aithníodh sócmhainní maoine atá liostaithe in Aguisín A sna ráitis airgeadais (CGAS 17:14). Tá pleananna i bhfeidhm chun athbhreithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le teideal dlíthiúil agus ceannas roinnt maoine, agus nuair a bheidh sé sin déanta, déanfar luacháil ar na maoine agus cuirfear san áireamh sna ráitis airgeadais iad.

Dímheas na sócmhainní caipitil

Déantar dímheas maoine, fearais agus trealamh agus amúchadh na sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Is iad seo a leanas saolréanna úsáideacha agus rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta na móraicmí maoine, gléasra agus trealamh.

<i>Aicme shócmhainne</i>	<i>Saolré ionchais</i>	<i>Ráta dímheasa/amúchta</i>
Feabhsuithe léasachta	50 bliain	2% sa bhliain
Mótarfheithiclí agus gléasra soghluaiste	5 bliana	20% sa bhliain
Saintrealamh eile lena n-áirítear soithí taighde	idir 5 agus 10 mbliana	10-20% sa bhliain
Crua-earraí TF	5 bliana	20% sa bhliain
Trealamh eile	5 bliana	20% sa bhliain
Córais bogearraí oibríochtúla TF	idir 5 agus 10 mbliana	10-20% sa bhliain
Bogearraí agus ceadúnais a fuarthas agus a forbraíodh	5 bliana	20% sa bhliain

An ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach maidir le rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a oibriú.

Cuirim an fhreagracht sin i bhfeidhm i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí.

Anuas air sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi shíor-athbhreithniú.

Seirbhísí comhroinnte

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an Chomhaontaithe Bainistíochta Seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh soláthar seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla.

Táim ag brath ar litir ráthaíochta ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun clistí suntasacha maidir le rialú a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúcháireachta ann le comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Doiciméadaíodh na nósanna imeachta do príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat maidir le nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Bíonn athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht ardbhainistíochta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla lena léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Oibrítear córas bainistithe riosca taobh istigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadal ann.

Iniúchadh inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Tá feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn ina bhfuil pearsanra atá oilte go cuí, a oibríonn i gcomhréir le cairt scríofa atá faofa agam. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus tá a pleananna iniúchta inmheánaigh bliantúla, arna bhfaomhadh agamsa agus ag an gCoiste Iniúchta, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúcháireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Soláthar

Cinntíonn an Roinn go leagtar an bhéim chuí ar dhea-chleachtas soláthair agus na conarthaí ar fad á mbronnadh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus conarthacha eile agus €25.2 milliún san iomlán in 2025.

Chuir an Roinn sonraí ar fáil maidir le 12 chonradh chomhlíontacha nár soláthraíodh trí iomaíocht os cionn €25,000 sa tuairisc bhliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena sainiúitear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Roinn, agus rinneadh na príomhrioscaí sin a shonrú, a mheasúnú agus a rangú de réir a suntasachta. Déanann an Coiste Riosca (CR) agus an Bord Bainistíochta (BB) athbhreithniú agus athdhátú ar an gclár ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus faoi na comhaltaí foirne sonracha atá freagrach as na rialuithe a oibriú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh leasaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don BB/CR, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím go ndearnadh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara a shainaithint agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistiú agus rialú rioscaí. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus na hardbhainistíochta taobh istigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach airgeadais.

I rith na bliana 2025, rinne an Roinn nuashonrú suntasach ar a Beartas Bainistíochta Riosca, lena n-áirítear Ráiteas nua maidir le Fonn Riosca a fhorbairt. Sheol an tArd-Rúnaí an ráiteas sin chuig an bhfoireann ar fad i mí na Samhna 2025.

Ceisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais

Comhlíonadh cánach

In 2020, d'fhógair Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim (na Coimisinéirí Ioncaim) cuairt ar an láthair chun tuiscint a fháil ar phróisis agus ar chórais na Roinne maidir le comhlíonadh cánach a chinntiú, sochar comhchineáil ar fheithiclí oifigiúla agus aon taifid eile, de réir mar ba ghá.

Mar fhreagairt air sin, cuireadh in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim go ndéanadh an Roinn athbhreithniú inmheánach cuimsitheach ar chúrsaí cánach. Chuir an Roinn nuashonruithe rialta ar fáil do na Coimisinéirí Ioncaim i rith an phróisis, a tháinig chun críche le cur i láthair ar na torthaí i mí Iúil 2022. Ina dhiaidh sin, rinne an Roinn nochtadh cáilitheach neamhspreagtha, arbh ionann é agus €44,466 san iomlán, chun cúrsaí a rialú.

Mar thoradh ar an achomharc a rinne na Coimisinéirí Ioncaim i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Achomhairc [2022] IECA 124, Na Coimisinéirí Ioncaim v Karshan (Midlands) Limited, ag trádáil mar Domino's Pizza ("Karshan"), cuireadh an t-ábhar ar fionraí; bhain an cás seo den chuid is mó le haicmiú daoine mar chonraitheoirí nó mar fhostaithe chun críocha cánach, *inter alia*. D'éirigh le hachomharc na gCoimisinéirí Ioncaim sa chás sin, agus rinne an Chúirt Uachtarach cinneadh na Cúirte Achomhairc a chur ar ceal [2023] IESC 24. Tá impleachtaí an chinnidh sin á bplé ag an Roinn.

Torthaí an Iniúchta Inmheánaigh

- Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar chúrsaí taistil agus cothaithe, tá beartas nua maidir le taisteal agus cothú curtha chun feidhme ag an Roinn, mar aon le nósanna imeachta gaolmhara, lena n-áirítear oiliúint agus rannóg tacaíochta láraithe. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn faoi láthair ar éilimh thaistil agus cothaithe.
- I mí Mheán Fómhair 2025, sainaithníodh saincheisteanna maidir le rialú a bhain le próisis phárolla i dtuarascáil Iniúchta Inmheánaigh ar aonad Párolla AD na Roinne.
- Rinneadh roinnt moltaí, agus cuireadh cuid acu i bhfeidhm agus réitíodh roinnt saincheisteanna. Tá an Roinn ag leanúint de na moltaí atá fágtha a chur chun feidhme ar feadh 2026.
- Tar éis iniúchadh a bheith curtha i gcrích ag rannóg Iniúchta Inmheánaigh na Roinne, sainaithníodh go raibh neamhchomhlíontacht ann i gcásanna áirithe maidir le Ciorclán Deontais 13/2014, rud a d'eascair as easpa gnáthnósanna imeachta ar fud na Roinne. Mar fhreagairt air sin, tá beartas nua agus nósanna imeachta gaolmhara á ndréachtú ag an Roinn, chun cur chuige na Roinne maidir le riarachán ar bhainistíocht deontas a chaighdeánú. Tabharfar na nósanna imeachta nua sin isteach sa bhliain 2026.

Níor sainaithníodh aon laigí eile sa rialú inmheánach in 2025 a d'éileodh nochtadh sa chuntas leithreasa.

Oonagh Buckley

An tOifigeach Cuntasaíochta

Aeráid, Fuinneamh agus an Comhshaol

30 Márta 2026

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 29 Aeráid, Fuinneamh agus an Comhshaol Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 29 Aeráid, Fuinneamh agus an Comhshaol don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 29 Aeráid, Fuinneamh agus an Comhshaol don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Caiteachas an Chiste um Aistriú Cóir

Scrúdaítear i gCaibidil 18 de mo *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*, don bhliain 2025 gnéithe de sholáthar agus d'oibriú chlár an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir.

Seamus Mac Cárthaigh
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

11 Meán Fómhair 2026

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigeach Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspoir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithnínm na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúcháireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúcháireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithnínm le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúcháireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 29 Aeráid, Fuinneamh agus an Comhshaol

Cuntas Leithreasa 2025

		2025	2024
	Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir			
A	Gníomhú ar son na haeráide agus ceannaireacht comhshaoil	145,098	127,776
B	Aistriú fuinnimh	704,718	1,038,995
C	Forbairt an gheilleagair chiorclaigh	136,553	100,083
—	<i>Seachadadh nascachta agus cumarsáide</i>	—	466,958
Ollchaiteachas	986,369	831,867	1,733,812
<i>Asbhain</i>			
D	Leithreasá i gcabhair	5,865	10,530
Glanchaiteachas	980,504	825,353	1,723,282

Barrachas

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh le hais an ghlanmhéid faoi dhliteanas le géilleadh don Stáitchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithreasá nár caitheadh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena chaitheamh sa bhliain dár gcionn.

	2025	2024
	€	€
Barrachas	155,150,769	38,478,911
Géilleadh iarchurtha	(77,011,000)	—
Barrachas le géilleadh	78,139,769	38,478,911

Oonagh Buckley

An tOifigeach Cuntasaíochta

Aeráid, Fuinneamh agus an Comhshaol

30 Márta 2026

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 An Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2025

	2025	2024
€000	€000	€000
Costas an chláir	769,652	1,666,141
Pá	49,804	55,318
Neamhphá	12,411	12,353
Ollchaiteachas	831,867	1,733,812
<i>Asbhain</i>		
Leithreasaí i gcabhair	6,514	10,530
Glanchaiteachas	825,353	1,723,282
Athruithe ar shócmhainní caipitil		
<i>Maoin, fearas agus trealamh</i>		
<i>(nóta 2.1)</i>		
Ceannacháin	(1,734)	
Dímheas	391	
	(1,343)	(1,885)
Athruithe ar fhorálacha	(105)	150
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha		
Méadú ar fhardail	(2)	
Laghdú ar réamhíocaíochtaí	250,478	
Laghdú ar ioncam fabhraithe	497	
Laghdú ar ioncam iarchurtha	(410)	
Laghdú ar speansais fhabhraithe	(10,486)	
	240,077	382,225
Caiteachas díreach vótáilte	1,063,982	2,103,772
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		
Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1)	15,130	16,439
Measchíos	1,689	1,584
Glanchoistas cláir	1,080,801	2,121,795

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara

Tá méid an ghlanachaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo leanas maidir le Vóta 29 a tabhaíodh in áit eile.

		2025	2024
		€000	€000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	62	62
Vóta 12	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	13,191	13,857
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	336	1,066
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	143	76
Vóta 43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	1,042	1,161
Vóta 20	An Garda Síochána	146	121
An Lárchiste – pinsin aireachta		210	96
		15,130	16,439

Nóta 2 An Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025	2024
		€000	€000
Sócmhainní seasta			
Maoin, fearas agus trealamh	2.1	3,195	23,091
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	—	—
		3,195	23,091
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	192,665	134,768
Fardail	2.4	140	138
Réamhíocaíocht creidmheasa leictreachais	2.5	—	257,939
Réamhíocaíochtaí eile	2.6	19,718	12,257
Ioncam fabhraithe	2.7	747	1,244
Iarmhéideanna dochair eile	2.8	1,430	1,547
		214,700	407,893
<i>Lúide</i>			
Dlíteanais reatha			
Forálacha	2.9	45	150
Speansais fhabhraithe	2.10	11,809	22,295
Ioncam iarchurtha	2.11	16,210	16,620
Iarmhéideanna sochair eile	2.12	86,367	127,648
Glanmhaoiniú Stáitchiste	2.13	107,728	8,667
		222,159	175,380
Glan(dlíteanais)/sócmhainní reatha		(7,459)	232,513
(Dlíteanais)/Glansócmhainní		(4,264)	255,604
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.14	(4,264)	255,604

2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh ^a

	Talamh agus foirgnimh €000	Feabhsuithe léasachta €000	Fearas oifige agus TF €000	Saintrealamh agus mótarfheithiclí €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil					
Amhail an 1 Eanáir 2025	17,495	3,046	3,956	8,444	32,941
Breiseanna	—	100	1,620	14	1,734
Aistrithe chuig Vóta 24 ^b	—	(1,964)	(2,399)	—	(4,363)
Aistrithe go Vóta 33	(17,495)	—	—	—	(17,495)
Diúscairtí ^b	—	—	—	—	—
Coigeartú: tionscadal fíoraithe sócmhainní ^c	—	—	15	398	413
Amhail an 31 Nollaig 2025	—	1,182	3,192	8,856	13,230
Dímheas carnach					
Amhail an 1 Eanáir 2025	—	20	1,773	8,057	9,850
Dímheas don bhliain	—	24	185	182	391
Dímheas ar dhiúscairtí chuig Vóta 24 ^b	—	(3)	(601)	—	(604)
Coigeartú: tionscadal fíoraithe sócmhainní ^c	—	—	92	306	398
Amhail an 31 Nollaig 2025	—	41	1,449	8,545	10,035
Glansócmhainní					
Amhail an 31 Nollaig 2025	—	1,141	1,743	311	3,195
Amhail an 31 Nollaig 2024	17,495	3,026	2,183	387	23,091

Nóta ^a Leagtar amach in Aguisín A Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit arna rialú nó arna mbainistiú ag an Roinn nach ndearnadh luachálacha orthu.

^b Faoi athleagan amach na Ranna Rialtais éagsúla in 2025, aistríodh sócmhainní cibearshlándála chuig Vóta 24 Dlí agus Ceart, Gnóthaí Baile agus Imirce agus aistríodh sócmhainní cumarsáide chuig Vóta 33 Cultúr, Cumarsáid agus Spórt.

^c Fíoraíodh sócmhainní in 2025 agus bhí gá le coigeartú chun sócmhainní a fuarthas blianta roimhe sin nár tuairiscíodh sa phríomhchlár sócmhainní seasta a chur leis. Bhí athaicmiú áirithe i gceist ar shócmhainní idir grúpaí sócmhainní freisin.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil		
Amhail an 1 Eanáir 2025	7,653	7,653
Breiseanna	—	—
Coigeartú: tionscadal fíoraithe sócmhainní ^a	(263)	(263)
Amhail an 31 Nollaig 2025	7,390	7,390
Amúchadh Carntha		
Amhail an 1 Eanáir 2025	7,653	7,653
Amúchadh don bhliain	—	—
Coigeartú: tionscadal fíoraithe sócmhainní ^a	(263)	(263)
Amhail an 31 Nollaig 2025	7,390	7,390
Glansócmhainní		
Amhail an 31 Nollaig 2025	—	—
Amhail an 31 Nollaig 2024	—	—

Nóta ^a Fíoraíodh sócmhainní in 2025 agus rinneadh athaicmiú áirithe ar shócmhainní idir grúpaí sócmhainní, gan aon athrú ar an nglanluach de réir na leabhar.

2.3 Banc agus airgead tirim

amhail an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
larmhéid agus airgead tirim an Phámháistir Ghinearálta	116,004	100,256
An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh	73,177	31,021
Ciste an Chláir um Bonneagar Peitríliam	3,484	3,491
	192,665	134,768

2.4 Fardail

amhail an 31 Nollaig	2025 €000	2024 €000
Trealamh	8	3
Foilseacháin	132	135
	140	138

2.5 Réamhíocaíocht creidmheasa leictreachais

Mar gheall ar an ardú ar phraghsanna fuinnimh idirnáisiúnta agus an tionchar a bhí aige sin ar thomhaltóirí baile, d'fhorbair an Rialtas Scéimeanna Sochair Éigeandála do Chostais Leictreachais in 2022 agus in 2023.

Mar fhreagairt ar phraghsanna arda leanúnacha in 2024, thug an Rialtas an ceathrú scéim isteach, ina raibh dhá íocaíocht ar €114.68 an ceann (gan CBL a áireamh) le cur chun sochair do bhreis agus 2.2 milliún cuntas leictreachais tí idir mí na Nollag 2024 agus mí Feabhra 2025.

In 2024, d'íoc an Roinn €519.952 milliún faoin gceathrú scéim fuinnimh, agus mar thoradh air sin rinneadh réamhíocaíocht €257.939 milliún ag deireadh 2024. In 2025, d'aisíoc na comhlachtaí fuinnimh €31.4 milliún, lena n-áirítear ús €0.7 milliún, leis an Roinn i bhfoirm creidmheasanna fuinnimh nár úsáideadh.

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí breise leis an scéim in 2025.

2.6 Réamhíocaíochtaí eile

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Riarachán	154	49
Seirbhísí agus tacaíochtaí TF	1,349	1,243
Réamhíocaíochtaí cláir ar leith	18,215	10,965
	19,718	12,257

2.7 Ioncam fabhraithe

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Sonraisc ríchíosanna mianadóireachta	733	1,003
Sonraisc féichiúnaithe eile	14	241
	747	1,244

2.8 Iarmhéideanna dochair eile

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Tuarastail na foirne ar iasacht	92	43
Párolla	1,174	1,381
Fionraí eile	164	123
	1,430	1,547

2.9 Forálacha

Soláthraíodh €45,000 do chostais dlí nár íocadh go fóill (2024: €150,000).

2.10 Speansais fhabhraithe

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Seirbhísí agus tacaíochtaí TF	134	129
Riarachán	366	591
Fabhruithe cláir ar leith	8,099	18,080
Fabhruithe a bhaineann le párolla	3,210	3,495
	11,809	22,295

2.11 Ioncam iarchurtha

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Ceadúnais imill trá ^a	16,210	16,620
	16,210	16,620

Nóta ^a Baineann an t-ioncam iarchurtha le híocaíochtaí a fuarthas roimh ré ó 2010 i leith as ceadúnais imill trá a eisiúint le haghaidh tréimhsí fadtéarmacha suas le 99 bliain.

2.12 Iarmhéideanna sochair eile

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Méideanna dlíte don Stát		
Cáin shiarchoinneálach	305	870
Cáin bhreisluacha	48	1,296
Fáltais an stáitchiste (nóta 4.4)	103	81,056
ÍMAT/ÁSPC	1,303	1,652
	1,759	84,874
Fionraí		
An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (nóta 7.2)	73,177	31,021
Bonneagar Peitiriliam Ciste an Chláir (nóta 7.1)	3,484	3,491
LIFE LMFC Éireann	4,240	—
An Lárionad Náisiúnta um Chomhordú agus Forbairt na Cibeairshlándála – Maoiniú ón Aontas Eorpach	—	3,034
Seirbhís freagartha glaonna éigeandála	—	1,293
Scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeoirí – ranníocaíochtaí ó tháirgeoirí chun bruscar a ghlanadh	3,341	1,718
An Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide	—	1,360
Eile	366	857
	84,608	42,774
	86,367	127,648

2.13 Glanmhaoiniú Státchiste

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
Barrachas le géilleadh	78,140	38,479
Géilleadh iarchurtha	77,011	—
Deontas neamhtharraingthe ón Státchiste	(47,423)	(29,812)
Glanmhaoiniú Státchiste	107,728	8,667
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	192,665	134,768
larmhéideanna dochair: fionraí	1,430	1,547
	194,095	136,315
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(1,759)	(84,874)
larmhéideanna sochair: fionraí	(84,608)	(42,774)
	(86,367)	(127,648)
	107,728	8,667

2.14 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta		2025	2024
		€000	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir			255,604	618,813
Eisíocaíochtaí as an Vóta				
Soláthar sna meastacháin	Cuntas	980,504		
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(77,011)		
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(78,140)		
Glanvóta			825,353	1,723,282
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile	1.1		15,130	16,439
Míreanna neamhairgid				
Glanchoigeartuithe ar shócmhainní caipitil	2.1	(21,239)		
Measchíos	1	1,689		
			(19,550)	1,370
Glanchoistas cláir	1		(1,080,801)	(2,121,795)
			(4,264)	238,109
Aitheantas tosaigh ar mhaoín, fearas agus trealamh	2.1		—	17,495
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig			(4,264)	255,604
Cúlchiste ginearálta			(4,264)	238,109
Cúlchiste athluachála			—	17,495
Cuntas maoinithe Stáit			(4,264)	255,604

2.15 Ceangaltais

	2025	2024
	€000	€000
a) Gealltanais dhomhanda		
amhail an 31 Nollaig		
Soláthar earraí agus seirbhísí	124	—
Cláir deontais caipitil ^a	24,499	535,247
Tionscadail agus cláir chaipitil	16,442	1,777,372
Iomlán na gceangaltas infhorfheidhmithe le dlí	41,065	2,312,619

b) Cláir deontais caipitil	€000	€000
larmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir	535,247	395,224
Aistrithe isteach	918	—
Aistrithe amach	(539)	—
Gealltanais maidir le deontais nua	4,378	450,449
Deontais a íocadh sa bhliain	(4,478)	(272,961)
Deontais a cuireadh ar ceal/ a fágadh ar lár ^a	(511,027)	(37,465)
larmhéid deiridh amhail an 31 Nollaig	24,499	535,247

Nóta ^a Rinne an Roinn athbhreithniú ar a modheolaíocht chun gealltanais maidir le cláir deontais caipitil in 2025 a ríomh, de bharr na treorach a eisíodh do na Cuntais Leithreasa 2025. Níl san áireamh sa nóta ach scéimeanna deontais a íoctar go díreach ón Vóta. Níl scéimeanna deontais atá á n-íoc ag comhlachtaí faoinár gcoimirce san áireamh.

c) Mórtionscadail chaipitil inar mó luach an tionscadail ná €10 milliún

Clár/ tionscadal	Caiteachas			Costas saolré an tionscadail a bhfuil coinne leis	
	Go dtí an 31 Noll 2024	In 2025	Geallta	2025	2024
	€000	€000	€000	€000	€000
INFOMAR ^a	72,597	5,022	1,334	78,953	77,354
Tellus ^b	34,866	3,155	2,851	40,872	39,428
Postchóid náisiúnta	—	—	—	—	43,106
An Plean Náisiúnta Leathanbhanda	—	—	—	—	2,697,640
Scéim Maoinithe do Líonra na nOifigí Poist	—	—	—	—	29,746
	107,463	8,177	4,185	119,825	2,887,274

Nóta ^a Is clár suirbhéireachta náisiúnta é INFOMAR a dhéanann mapáil ar ghlinneall na farraige timpeall na hÉireann agus a sholáthraíonn príomhshonraí bonnlíne d'earnáil mhuirí na hÉireann.

^b Is clár suirbhéireachta náisiúnta é Tellus a bhailíonn sonraí geofisiceacha agus geoiceimiceacha ar fud na hÉireann trí shuirbhéireacht gheoifisiceach aeríompartha trí aerárthach íseal-eitlte agus suirbhéireacht gheoiceimiceach talún ar ithir, uisce srutháin agus dríodar srutháin a úsáid.

Éagsúlachtaí suntasacha

Cuirtear míniú ar fáil thíos maidir le haon mhórtiomantas ina bhfuil athrú is mó ná €1,000,000 tagtha ar an gcaiteachas iomlán a rabhthas ag súil leis i gcomparáid le 2024.

Infomar

Méadú ar an ngealltanais iomlán a bhfuiltear ag súil leis: €1.599 milliún

Baineann an caiteachas ar thionscadal INFOMAR le roinnt conarthaí gearrthéarmacha; léiríonn an caiteachas agus na gealltanais a bhaineann leo sin staid ag pointe ama áirithe, agus bíonn siad faoi réir athruithe ó bhliain go bliain. Baineann an méadú ar an gcaiteachas iomlán a bhfuiltear ag súil leis le linn shaolré an tionscadail le síneadh bliana ar an gconradh do sheirbhísí geolaíochta mara, síneadh a mhairfidh go dtí deireadh na bliana 2026. Táthar ag súil le 94% a chumhdach faoi dheireadh 2026, agus tá ceadú faighte ón Rialtas le haghaidh síneadh trí bliana, ó 2027 go 2029, chun an clár a thabhairt chun críche.

Tellus

Méadú ar an ngealltanais iomlán a bhfuiltear ag súil leis: €1.444 milliún

Baineann an caiteachas ar thionscadal Tellus le roinnt conarthaí gearrthéarmacha; léiríonn an caiteachas agus na gealltanais a bhaineann leo sin staid ag pointe ama áirithe, agus bíonn siad faoi réir athruithe ó bhliain go bliain. Léiríonn an méadú ar an gcaiteachas iomlán a bhfuiltear ag súil leis le linn shaolré an tionscadail síntí ar chonarthaí chun leanúint de shuirbhéanna aeriompartha go dtí an bhliain 2026, chomh maith le comhaontú nua le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, chun maoiniú a chur ar fáil do Shaotharlann Taighde ar Dhromchla an Domhain, saoráid den scoth a sholáthraíonn anailísí geoiceimiceacha don phobal taighde in Éirinn. Táthar ag súil go mbeidh dhá phríomhchéim an chlár críochnaithe faoi 2026, agus tacair sonraí aeriompartha agus ithreach á soláthar.

2.16 Léasanna oibriúcháin

amhail an 31 Nollaig	2025
	€000
Costas léasaithe maoine ^a	162

Nóta ^a Is féidir an léas seo a chur ar ceal. Ní dhearnadh léasanna neamh-inchealaithe sa bhliain. Níor ann do chíosanna teagmhasacha iníoctha ná fócaíochtaí foléasa infhála ach an oiread. Tháinig deireadh leis an gcomhaontú léasa an 01/02/2025 agus tá sé á athnuachan faoi láthair.

2.17 Dlíteanais theagmhasacha

Tá an baol ann go dtiocfaidh dlíteanais airgeadais chun cinn in 2026 agus sna blianta ina dhiaidh sin ag brath ar thorthaí caingean dlí reatha, atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, lena n-áirítear caingean dlí an Aontais. Ní féidir na suimeanna atá i gceist a shocrú faoi láthair.

Tá an baol ann freisin go mbeidh dlíteanais airgeadais ann mura gcomhlíonann Éire a spriocanna maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus maidir le fuinneamh atá sainordaithe ag an Aontas. I bhfianaise réimse na neamhchinnteachtaí, ní féidir an dlíteanas a d'fhéadfadh a bheith ar an Státchiste a mheas go cruinn ag an bpointe seo.

2.18 Feabhsúchán Talún

Bíonn costais ar an Roinn i dtaca le seanmhianaigh, in Abhóca, Contae Chill Mhantáin, agus Béal Átha Gabhann, Contae Thiobraid Árann den chuid is mó. Baineann an caiteachas le cothabháil, athshlánú agus oibreacha sábháilteachta de réir mar is gá, chomh maith le monatóireacht chomhshaoil in Abhóca agus Béal Átha Gabhann, ar a ndéantar tuairisciú faoin bhfo-cheannteideal C.3.

	Caiteachas go dtí deireadh 2024 €000	Caiteachas in 2025 €000	Gealltanais conarthacha €000	Iomlán €000
Abhóca	5,450	332	—	5,782
Béal Átha Gabhann ^a	11,190	—	—	11,190
Monatóireacht chomhshaoil	2,089	187	109	2,385
Oibreacha éigeandála eile	53	—	—	53
	18,782	519	109	19,410

Nóta ^a I gcomhréir le halt 25 den Acht Fuinnimh (Forálacha Ilghnéitheacha), 2006, cuireadh airgead roimh ré ar fáil do Chomhairle Contae Thiobraid Árann, a cheap an tAire mar ghníomhaire dá chuid, i dtaca le Tionscadal Athshlánaithe Bhéal Átha Gabhann i rith na tréimhse 2007 go 2011. An 31 Nollaig 2025, ba é €541,907 an t-iarbheid a bhí ag an gComhairle maidir leis an tionscadal seo. Tá na réamhíocaíocht seo á n-úsáid chun maoiniú a chur ar fáil d'obair leanúnach iniúchta agus d'oibreacha riachtanacha cothabhála a dhéanann an Chomhairle.

2.19 Caiteachas ar chláir iarfheistithe agus éifeachtúlachta fuinnimh, de réir scéime

	2025 Meastachán €000	2025 Toradh €000
B.4 Cláir iarfheistithe do thithíocht/don phobal		
Fuinneamh Níos Fearr – Tithe	67,040	47,209
Fuinneamh Níos Fearr – Tithe Níos Teo	281,100	247,003
Fuinneamh Níos Fearr – Pobail	75,400	44,237
Giniúint éilimh – iarfheistiú náisiúnta	5,050	4,415
Iarfheistiú domhain	159	82
Fótavoltachas Gréine	70,500	66,334
Fótavoltachas Gréine – leochaileacht ó thaobh leighis de	8,560	2,826
Seachadadh na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (FFF)	500	500
Ciste Gnómhachtaithe Pobail	4,050	3,559
An Scéim Náisiúnta um Uasghrádú Fuinnimh Tí (Seirbhís OSS)	52,161	44,084
Scéim Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite – Pobail	1,200	565
Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh	1,150	1,368
	566,870	462,182
B.5 Cláir éifeachtúlachta fuinnimh eile		
Éifeachtúlacht Fuinnimh Gnólachtaí	2,310	3,751
An Scéim Tacaíochta le haghaidh Teas In-athnuaite	3,970	2,454
Faireachas margaidh	1,450	1,331
Éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí	2,000	2,540
Treo-Aimsitheoir SEAI/ FSS (RePowerEU)	30,000	18,000
Rannpháirtíocht an tionscail (EXEED)	3,000	2,868
Scoileanna	200	271
Seó Fuinnimh	120	78
Micrighiniúint neamh-intíre	200	253
Scéim um Uasghrádú Fuinnimh do Ghnólachtaí (BEUS)	120	114
	43,370	31,660

2.20 Tionchar na n-athruithe ar bheartas cuntasaíochta

Ag tosú ar an 1 Eanáir 2024, tá caighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir (CGAS) á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimneach. Chun an t-aistriú chuig an CGAS a éascú, ceadaíodh maoluithe áirithe mar a leagtar amach i rannán an ráitis ar bheartais chuntasaíochta i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar chomhardú maoinithe an Stáit i mbliain an chuntais.

	2025	2024
	€000	€000
Aitheantas tosaigh ar mhaoín, gléasra agus trealamh ^a	—	17,495
Forálacha ^b	—	(150)
Fabhrú saoire ^c	—	(1,537)
Fabhrú párolla ^c	—	(1,953)
Caillteanais malairte eachtraí ^d	(52)	—
	(52)	13,855

Nóta

^a CGAS 17 Maoín, Gléasra agus Trealamh

^b CGAS 19 Soláthairtí, Dlíteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha

^c CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

^d CGAS 4 Éifeachtaí Athruithe ar Rátaí Malairte Eachtraí

Nóta 3 Caiteachas an Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin mar a leagtar amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costais iomlána cláir a léiriú.

		2025	2024
		Soláthar sna meastacháin	Toradh
		€000	€000
i	Tuarastail, pánnas agus liúntais	45,299	55,318
ii	Taisteal agus cothabháil	1,820	1,868
iii	Oiliúint agus forbairt	713	847
iv	Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh éagsúil	2,339	1,901
v	Infheistíocht chaipitiúil dhigiteach agus speansais TF	5,910	4,348
vi	Speansais áitreabh	2,055	1,563
vii	Athbhreithnithe beartais, seirbhísí sainchomhairleoireachta agus taighde	2,026	1,826
		60,162	67,671

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000 ar a laghad) sa chaiteachas riaracháin

iv Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach

Soláthar sna meastacháin €2.339 milliún; olltoradh €1.628 milliún

Baineann an gannchaitheamh €711,000 den chuid is mó le coigiltis chostais de thoradh aistriú na Roinne go Teach Tom Johnson agus le costais dlí a bhí ní b'ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis.

Clár A Gníomhú ar son na hAeráide agus Ceannaireacht Comhshaoil

		2025		2024
		Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
A.1	Riarachán – pá	9,449	10,579	8,969
A.2	Riarachán – neamhphá	3,561	2,678	2,002
A.3	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	48,544	48,627	45,799
A.4	Taighde comhshaoil agus aeráide	17,100	16,953	16,717
A.5	Ceangaltais idirnáisiúnta ar athrú aeráide	27,750	27,750	26,500
A.6	Tionscnaimh aeráide	12,275	10,668	9,672
A.7	An Ciste um Aistriú Cóir (IE & AE)	22,439	18,938	15,328
A.8	Ciste an Oileáin Chomhroinnte	1,600	886	77
A.9	Suibscríbhinní le heagraíochtaí idirnáisiúnta	2,380	2,062	2,279
—	<i>An Ciste um Aistriú Cóir</i>	—	—	433
		145,098	139,141	127,776

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí thíos na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000 ar a laghad).

A.6 Tionscnaimh aeráide

Soláthar sna meastacháin €12.275 milliún; olltoradh €10.668 milliún

Baineann an gannchaitheamh €1.607 milliún den chuid is mó le

- Tionscadail faoi na tionscnaimh aercháilíochta atá á gcur siar mar gheall ar an moill ar thabhairt chun críche an Bhille um Thruailliú Aeir (Leasú), 2025 lena fhoilsiú, a mhair ní b'fhaide ná mar a bhíothas ag súil leis.
- Bhí na héilimh a bhain le hoifigí réigiúnacha um ghníomhú ar son na haeráide agus le hoiliúint údaráis áitiúil ar ghníomhú ar son na haeráide ní b'ísle ná mar a bhí réamh-mheasta do 2025 de bharr folúntais foirne.
- Caiteachas ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar an Idirphlé Náisiúnta maidir le Gníomhaíocht ar son na hAeráide mar gheall ar athshainiú chuspóirí an chlár in 2025 tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas leis na páirtithe leasmhara ábhartha. Cuirfear clár nua isteach lena cheadú in R1 2026.

A.7 An Ciste um Aistriú Cóir (IE & AE)

Soláthar sna meastacháin €22.439 milliún; olltoradh €18.938 milliún

An chúis ba mhó leis an ngannchaitheamh €3.501 milliún ná tarraingt siar ní b'ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis i measc na dtairbhíthe ar fud tionscadail chaipitil mar gheall ar dhúshláin soláthair, earcaíochta agus coinneála foirne. Bhí na próisis soláthair dúshlánach do na tairbhíthe, agus i gcásanna áirithe, b'éigean na tairiscintí a reáchtáil arís chun freagraí a mhealladh. Maidir le hearcú, bhí dúshlán ann maidir le rochtain a fháil ar na scileanna a bhí riachtanach chun tionscadail a thosú. Mar gheall ar nádúr gearrthéarmach chonarthaí an Chiste um Aistriú Cóir de chuid an Aontais Eorpaigh, bhí dúshlán ann maidir le foireann a choinneáil, rud a d'fhág gur ghá daoine a fhostú arís i lár an tionscadail agus a chuir moill ar an obair.

A.8 Ciste an Oileáin Chomhroinnte

Soláthar sna meastacháin €1.600 milliún; olltoradh €886,000

An chúis ba mhó leis an ngannchaitheamh €714,000 ná castachtaí breise a bhain le húdaráis áitiúla a bheith ag plé le comhpháirtithe thar dhlínsí éagsúla agus dá bharr sin, ghlac na tionscadail le maoiniú ar ráta ní ba mhoille ná mar a bhíodhas ag súil leis. Táthar ag súil go dtiocfaidh na tionscadail seo suas leis an leibhéal caiteachais faoi 2026.

A.9 Síntiúis le heagraíochtaí idirnáisiúnta

Soláthar sna meastacháin €2.380 milliún; olltoradh €2.062 milliún

An chúis ba mhó leis an ngannchaitheamh €318,000 ná caiteachas ar ranníocaíochtaí a bhí ní b'ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis, agus an tráthúlacht a bhain le sonraisc a fháil.

Clár B Aistriú fuinnimh

		2025		2024
		Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B.1	Riarachán – pá	17,380	19,038	16,397
B.2	Riarachán – neamhphá	5,407	4,377	3,662
B.3	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann – costais riaracháin agus ghinearálta	32,294	31,494	29,029
B.4	Cláir iarfheistithe do thithe cónaithe/don phobal	566,870	462,182	428,200
B.5	Cláir um éifeachtúlacht fuinnimh eile	43,370	31,660	14,523
B.6	Cláir fuinnimh eile (náisiúnta/idirnáisiúnta)	6,160	2,560	4,009
B.7	Cláir thaighde fuinnimh	28,949	21,876	20,719
B.8	Seirbhísí gáis	45	28	20
B.10	Íocaíocht pinsin faoin scéim aonair chuig CRU	6	—	—
B.11	Creidmheas leictreachais	—	—	519,952
B.12	Suibscríbhinní le heagraíochtaí idirnáisiúnta	575	554	563
B.13	Rialáil téimh ceantair	662	—	—
B.14	Scéim Ráthaíochta lasachtaí um Iarfheistiú Cónaithe	3,000	1,931	1,921
		704,718	575,700	1,038,995

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí thíos na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000 ar a laghad).

B.4 Cláir iarfheistithe do thithe cónaithe/don phobal

Soláthar sna meastacháin €566.870 milliún; olltoradh €462.182 milliún

Ba mhéadú 8% ar chaiteachas i gcomparáid le 2024 é an caiteachas deiridh €462.182 milliún, agus cuireadh 4,144 (8%) iarfheistiú breise i gcrích. Baineann an gannchaitheamh €104.688 milliún den chuid is mó le

- An toradh ar an gclár Tithe le Fuinneamh Níos Fearr, clár a bhíonn á fheidhmiú de réir éilimh, a bhí ní b'íse ná mar a measadh de bharr líon níos ísele iarratas ó úinéirí tí.

- Caiteachas ní b'ísle ná mar a rabhthas ag súil leis ar Fhuinneamh Níos Fearr Tithe Níos Teo. Cé gur críochnaíodh níos mó tithe ná mar a bhí beartaithe, bhí an caiteachas caipitil deiridh faoi bhun na leibhéal réamh-mheasta. Bhain cuid mhaith den toradh sin le costas in aghaidh an tí a bhí ní b'ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis, rud a bhí mar thoradh ar bhaint na tacaíochta do chórais téimh breosla iontaise de réir reachtaíocht athbhreithnithe an Aontais (an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh).
- Tharraing roinnt príomhthionscadal siar ó scéim na ndeontas Fuinnimh Pobail, nó níor cuireadh tús leo in am le haghaidh chaiteachas na bliana 2025.

B.5 Cláir éifeachtúlachta fuinnimh eile

Soláthar sna meastacháin €43.370 milliún; olltoradh €31.660 milliún

Mar gheall ar na castachtaí a bhaineann le hoibreacha a dhéanamh i dtimpeallacht ospidéal atá i mbun oibríochta, tharla gannchaitheamh faoi chlár Treo-Aimsitheora (RePower EU) SEAI/FSS. Tugadh gannchaitheamh an chlár, €11.710 milliún, anonn chuig 2026.

B.6 Cláir fuinnimh eile (náisiúnta/idirnáisiúnta)

Soláthar sna meastacháin €6.160 milliún; olltoradh €2.560 milliún

Bhí gannchaitheamh €3.6 milliún in 2025 nuair a cuireadh siar nó nuair a moillíodh roinnt tionscadal a raibh sé beartaithe acu an maoiniú sin a úsáid de bharr athruithe struchtúrtha agus eagraíochtúla laistigh de na foirne fuinnimh in-athnuaite in DCEE; dá bhrí sin, níor críochnaíodh iad laistigh den bhliain mar a bhíodhas ag súil leis. Ina theannta sin, ní raibh gá le roinnt seirbhísí tacaíochta seachtracha a bhain le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta mar a bhíodhas ag súil leis, toisc gur aistríodh feidhmeanna chuig na haonaid Chomhairleacha um Pleanáil Spásúil Mhuirí agus um Beartas Straitéiseach Muirí; glacadh na haonaid sin isteach in DCEE in 2025 agus saineolas inmheánach agus buiséad dá gcuid féin acu.

B.7 Cláir thaighde fuinnimh

Soláthar sna meastacháin €28.949 milliún; olltoradh €21.876 milliún

Baineann an gannchaitheamh €7.073 milliún den chuid is mó leis an méid seo a leanas.

- Faoi na cláir fuinnimh aigéin, bhí costais ní b'ísle ann ná mar a bhíodhas ag súil leis chomh maith le tionscadail nár cuireadh i gcrích mar gheall ar dhíchoimisiúnú an tsúimh tástála SmartBay i gCuan na Gaillimhe. Tá an Suíomh Tástála Fuinnimh Mhuirí san Atlantach (AMETS) atá beartaithe amach ó chósta Chontae an Chláir fós ag fanacht le cinneadh maoinithe, agus mar sin ní dhearnadh ach fíorbheagán oibre ina leith in 2025.
- An tréimhse ama a tógadh chun teacht ar chomhaontú maidir le raon feidhme na tairisceana do ról monatóireachta a bhain le pointe teagmhála aonair, rud a chuir moill ar eisiúint na tairisceana do thionscadal TF.
- Costais tacaíochta a bhain le taighde agus comhairleoireacht fuinnimh a bhí níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis.
- Moilleanna ar an Ionad Sármhaitheasa Náisiúnta um Théamh Ceantair.

B.13 Rialáil téimh ceantair

Soláthar measta €662,000; toradh €nialas

Tuigeadh ar dtús gur cheap IR 350 de 2022, lenar trasuíodh Treoir 2018 maidir le Fuinneamh In-athnuaite, an Coimisiún um Rialáil Fónais (CRU) mar Rialtóir ar Líonraí Téimh Ceantair. Mar sin féin, mar chuid d'athbhreithniú ar IR, léirigh aonad dlí na Roinne an tuairim nár ainmníodh CRU go soiléir ná nár ceapadh go sonrach é mar rialtóir ar théamh agus ar fhuarú ceantair, agus nár tugadh do CRU an fheidhm faoi alt 9 den Acht um Rialáil Leictreachais, 1999, rud atá riachtanach chun íocaíocht airgid phoiblí a cheadú.

Tá obair ar bun chun CRU a cheapadh i gceart mar Rialtóir ar Líonraí Téimh Ceantair trí bhíthin na príomhreachtaíochta, d'fhonn an bonn dlíthiúil a sholáthar chun na cistí a theastaíonn ó CRU chun a fheidhmeanna rialála i ndáil le líonraí téimh ceantair a chomhlíonadh a chur ar fáil dó.

B.14 Scéim Ráthaíochta lasachtaí um Iarfheistiú Cónaithe

Soláthar sna meastacháin €3 milliún; olltoradh €1.931 milliún

An chúis leis an ngannchaitheamh €1.069 milliún ná gur cuireadh moill ar sheoladh na Scéime lasachta Uasghrádaithe Fuinnimh Tí i roinnt institiúidí airgeadais, rud a d'fhág gur íslíodh na híocaíochtaí riaracháin do na chéad cheithre mhí den bhliain. Ina theannta sin, bhí an t-éileamh ar an scéim ní b'ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis, rud a d'fhág go raibh costais riaracháin níos ísle ann ná mar a bhí réamh-mheasta ar dtús.

Clár C Forbairt an Gheilleagair Chiorclaigh

		2025		2024
		Soláthar sna meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
C.1	Riarachán – pá	18,470	20,187	15,161
C.2	Riarachán – neamhphá	5,895	5,356	3,386
C.3	Seirbhísí mianadóireachta agus peitrlíam	2,754	577	702
C.4	Cláir suirbhéireachta geolaíochta	14,800	12,971	14,374
C.5	Iascaigh Intíre	39,484	39,264	37,925
C.6	Cláir bainistíochta dramhaíola	34,340	25,618	22,817
C.7	Suibscríbhinní le heagraíochtaí idirnáisiúnta	230	153	134
C.9	Imeall trá	2,171	172	253
C.10	Pleanáil spásúil mhuirí	2,200	1,305	568
C.11	An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí	10,234	7,654	4,763
C.12	Comhairle pleanála	250	85	—
C.13	An timpeallacht mhuirí	5,725	3,684	—
		136,553	117,026	100,083

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí thíos na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas cláir neamhriaracháin (+/- 5% agus €100,000 ar a laghad).

C.3 Seirbhísí mianadóireachta agus peitrlíam

Soláthar sna meastacháin €2.754 milliún; olltoradh €577,000

Baineann an gannchaitheamh €2.177 milliún den chuid is mó le (i) rátaí eastósctha mianraí príobháideacha laghdaithe ag cuideachtaí mianadóireachta faoi cheadúnais mhianadóireachta ón Stát, rud a d'fhág gur íocadh cúiteamh ní b'ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis le húnéirí ceart mianraí agus (ii) caiteachas comhairleoireachta mianadóireachta ní ba lú ná mar a bhíodhas ag súil leis.

C.4 Cláir suirbhéireachta geolaíochta

Soláthar sna meastacháin €14,800 milliún; olltoradh €12.971 milliún

Baineann an gannchaitheamh €1.829 milliún den chuid is mó le

- Cur siar ar thús staidéir sheismigh de bharr moilleanna soláthair.
- Éilimh ní b'ísle ná mar a bhíodhas ag súil leo i dtaca le tionscadail taighde geolaíochta a cuireadh ar athló go dtí 2026.
- Moill ar chríochnú shuirbhé aeriompartha Tellus de bharr na drochaimsire in 2025. Tá cur i gcrích an tsuirbhé curtha ar aghaidh go dtí 2026 anois.

C.6 Cláir bainistíochta dramhaíola

Soláthar sna meastacháin €34.340 milliún; olltoradh €25.618 milliún

Baineann an gannchaitheamh €8.722 milliún den chuid is mó le (i) maoiniú a leithdháileadh ar roinnt suíomhanna chun láithreáin líonta talún a leasú ach nár tarraingíodh anuas toisc nár tharla dul chun cinn ar na hoibrithe de réir an luais a bhí beartaithe agus (ii) caiteachas ní ba lú ná mar a bhíodhas ag súil leis ar leasú stoc-chairn ar fhreagracht leathnaithe táirgeora.

C.9 Imeall trá

Soláthar sna meastacháin €2.171 milliún; olltoradh €172,000

Baineann an gannchaitheamh €1.999 milliún den chuid is mó leis na costais a rabhthas ag súil leo i ndáil le socruithe dlí ní b'isle ná mar a measadh.

C.10 Pleanáil spásúil mhuirí

Soláthar sna meastacháin €2.200 milliún; olltoradh €1.305 milliún

Níor fógraíodh an Plean Náisiúnta Limistéir Mhuirí Ainmhithe (DMAP) don fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta go dtí mí na Bealtaine; dá bharr sin, níor cuireadh tairiscintí ná conarthaí i bhfeidhm go dtí go raibh deireadh na bliana ag druidim linn. Leanfaidh an obair seo ar aghaidh go dtí an bhliain 2026. Mar thoradh air sin, fágadh go raibh gannchaitheamh €895,000 ann.

C.11 An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí

Soláthar sna meastacháin €10.234 milliún; olltoradh €7.654 milliún

Baineann an gannchaitheamh ar luach €2.580 milliún go príomha le (i) costais phá a bhí ní b'isle ná mar a bhíodhas ag súil leis de bharr uainiú earcaíochta agus ionduchtaithe foirne don Údarás agus (ii) moilleanna ar chostais phleanáilte tionscadail nach costais phá iad, costais a bheidh ann sa bhliain 2026 anois.

C.12 Comhairle pleanála

Soláthar sna meastacháin €250,000; toradh €85,000

Baineann an gannchaitheamh €165,000 den chuid is mó le huainiú na n-íocaíochtaí as (i) seirbhísí comhairleoireachta chun cabhrú le dréachtú treoirlínte a bhaineann le bearta maolaithe agus cúitimh araon do thionscadail fuinnimh in-athnuaite agus (ii) forbairt 'leabhar rialacha maolaithe' comhshaoil do thionscadail fuinnimh in-athnuaite sa Stát. Íocfar na híocaíochtaí sin in 2026.

C.13 Muirthimpeallacht

Soláthar sna meastacháin €5.725 milliún; olltoradh €3.684 milliún

Ba mar gheall ar mhoilleanna maidir le tionscadail aonair a thosú a bhí gannchaitheamh €2.041 milliún ar chlár PeacePlus 5.2 (bainistíocht mhuirí agus chósta). Níor cuireadh tús mar a bhíodhas ag súil leis le tionscadail chaipitil taighde agus tionscadail eile a bhí beartaithe.

Nóta 4 Fáltais agus Ioncam

4.1 Leithreasáí i gcabhair

		2025		2024
		Measta	Fíoraithe	Fíoraithe
		€000	€000	€000
1	Fáltais ó fhíneálacha maidir le cionta iascaigh intíre	50	2	43
2	Fáltais faoin Acht Forbairte Minearál, 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitrilíam agus Mianraí Eile, 1960	1,350	1,233	2,938
3	Grúpa Tacaíochta Bonneagair Peitrilíam	375	—	—
4	Ioncam Suirbhéireachta Geolaíochta Éireann	300	186	267
5	Ranníocaíochtaí pinsin ó ghníomhaireachtaí	260	338	383
6	Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais	2,920	4,373	5,055
7	Fáltais cuntais dhíomhaoín	460	175	40
8	Fáltais imill trá	50	—	131
9	Fáltais ilghnéitheacha (nóta 4.3)	100	207	1,586
—	Cíos ar mhaoín in Ard-Oifig an Phoist	—	—	87
		5,865	6,514	10,530

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach sna nótaí thíos na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i leithreasáí i gcabhair (+/- 5% agus €100,000 ar a laghad).

2 Fáltais faoin Acht Forbairte Minearál, 1940 agus faoin Acht um Fhorbairt Pheitrilíam agus Mianraí Eile, 1960

Soláthar sna meastacháin €1.350 milliún; réadaithe €1.233 milliún

Fuarthas ioncam mianadóireachta a bhí €117,000 ní b'ísle ná mar a bhíothas ag súil leis, de bharr líon ní b'ísle iarratas ar cheadúnais mhianadóireachta agus líon ní b'ísle ceadúnas a eisíodh in 2025.

3 Grúpa Tacaíochta Bonneagair Peitrilíam

Soláthar sna meastacháin €375,000; réadaithe €Nialas

De bharr fhoirceannadh foirmiúil an Ghrúpa, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2021, ní bhfuarthas aon íocaíochtaí PIP a bhí thar téarma nó nár íocadh in 2025.

4 Ioncam Suirbhéireachta Geolaíochta Éireann

Soláthar sna meastacháin €300,000; réadaithe €186,000

Bhí ioncam na bliana 2025 €114,000 ní b'ísle ná mar a bhí coinne leis, mar gheall ar laghdú ar an rannpháirtíocht i dtionscadail AE den chuid is mó.

6 Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais

Soláthar sna meastacháin €2.920 milliún; réadaithe €4.373 milliún

Baineann an barrachas de €1.453 milliún le caiteachas méadaithe ar phá foirne sa Roinn agus sna gníomhaireachtaí.

7 Fáltais cuntais dhíomhaoin

Soláthar sna meastacháin €460,000; réadaithe €175,000

Ní raibh ach €175,000 de mhaoiniú ó chuntais díomhaoine ag teastáil ó lascach Intíre Éireann as an leithdháileadh €460,000, agus dá bhrí sin, níor tarraingíodh anuas ach an méid sin amháin ó chiste na gcuntas díomhaoin.

9 Ilghnéitheach

Soláthar sna meastacháin €100,000; réadaithe €207,000

Baineann an barrachas €107,000 le (i) ró-íocaíocht agus aisghabháil caiteachais a bhí ní b'airde ná mar a bhíodhas ag súil leis ó bhlianta roimhe sin agus (ii) roinnt aisíocaíochtaí a fuarthas ó chomhlachtaí eile a bhain le blianta roimhe sin agus nár féadadh a fhritháireamh i gcoinne fho-cheanteideal an chaiteachais.

4.2 Ioncam an Vóta

Is ionann leithreasaí i gcabhair agus méideanna airgid thirim a fhaightear sa bhliain. Léiríonn Ioncam an Vóta an t-ioncam a bhaineann leis an ngníomhaíocht sa bhliain, bunaithe ar an bprionsabal fabhráithe.

	2025
	€000
Ioncam ó idirbhearta neamh-mhalartaithe	
Deontas as an Lárchiste	825,353
Fáltais cuntais dhíomhaoin	175
Maoiniú Eorpach a fuarthas	176
Ranníocaíochtaí breise aoisliúntais	4,711
Eile	5
Ioncam ó idirbhearta babhtála	
Táillí dleachta/ceadúnais	1,285
Díol earraí	1
Soláthar seirbhísí	17
Ioncam eile	
Aisghabháil costas ó bhlianta eile	204
Ioncam iomlán	831,927
Arna léiriú ag	
Iomlán na leithreasaí i gcabhair (nóta 4.1)	6,514
Deontas as an Lárchiste	825,353
Aistriú feidhmeanna	147
Laghdú ar ioncam fabhráithe	(497)
Laghdú ar ioncam iarchurtha	410
	831,927

4.3 Fáltais ilghnéitheacha

	2025	2024
	€000	€000
Ríchíosanna i ndáil le líonraí mórcheantair	—	1,083
An Choirib a fhíorú	33	23
Costais a aisghabhadh ó chomhlachtaí eile	43	345
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta	—	4
Ró-íocaíocht tuarastail agus aisghabháil caiteachais ó bhlianta roimhe seo	128	130
Eile	3	1
	207	1,586

4.4 Fáltais bhreise is iníoctha don Státchiste

	2025	2024
	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	81,056	20,727
Fáltais ó Chóras Trádála	122,015	137,021
Astaíochtaí an AE ^a		
Tarraingt siar slándála feidhmíochta - ORESS ^b	35,478	—
Ducht teileachumarsáide na Gaillimhe-Mhaigh Eo	200	293
Tarraingt anuas urrús feidhmíochta – RESS ^c	7,888	6,391
Aisíoc maoinithe nár úsáideadh faoin Scéim Sochair Éigeandála do Chostais Leictreachais ^d	31,367	58,558
Ioncam a scaoileadh ó chuntas fionraí blianta roimhe seo	532	—
Géilleadh deonach maidir le tuarastail na nAirí	—	21
Díol talún (Imeall Trá agus MARA)	—	1,811
Aisíocaíochtaí ó bhlianta roimhe seo a fuarthas in 2024	176	1,154
Aistrithe chuig an Státchiste	(278,609)	(144,920)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	103	81,056

Nóta ^a Is ionann €122.015 milliún agus sciar glan na hÉireann de na fáltais a eascraíonn as ceadúnais a cheantáil faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh in 2025; is é €124.442 milliún an tsuim chomhlán sula n-íoctar €2.427 milliún leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun speansais a chlúdach, ós í a riarann an scéim thar ceann na hÉireann.

^b Fuarthas íocaíocht in 2025 faoi bhanna urrúis feidhmíochta a bhí á choinneáil mar urrús bainc, toisc nár cuireadh tógáil feirme gaoithe amach ón gcósta i gcrích.

^c Tarraingíodh anuas urrúis feidhmíochta a bhí á sealbhú mar urrús bhainc sna blianta 2024 agus 2025 mar phionóis de bharr nár cuireadh roinnt tionscadal chun cinn faoi cheantanna éagsúla RESS ar an gcladach.

^d Cuireadh maoiniú ar fáil do Líonraí BSL agus do dhá sholáthraí leictreachais eile in 2024 faoin Scéim Sochair Éigeandála do Chostais Leictreachais IV. Chuir Líonraí BSL cistí nár úsáideadh ar ais in 2025, arbh ionann iad agus €31.341 milliún san iomlán (lena n-áirítear ús bainc ar luach €696,923 a tuilleadh). D'aisíoc dhá sholáthraí eile €26,377.

Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

5.1 Líon na bhfostaithe (comhionann le fostaithe lánaimseartha)

Amhail an 31 Nollaig	2025	2024
Líon foirne ag deireadh na bliana ^b		
Roinn	654	799
Gníomhaireachtaí ^a	1,272	1,191
	1,926	1,990

Nóta ^a Áirítear ar na gníomhaireachtaí anseo Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Iascach Intíre Éireann, Gníomhaireacht na Lochanna, an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí agus an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Baineann na sonraí íocaíochta gníomhaireachta atá leagtha amach i nótaí 5.2 agus 5.3 thíos leis na gníomhaireachtaí céanna.

Is comhlacht cur chun feidhme thuaidh-theas é Gníomhaireacht na Lochanna, agus maoinítear a chostais ar bhonn 50:50 tríd an Roinn seo agus tríd an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe i dTuaisceart Éireann. Sa nóta seo, cuirtear líon na bhfoirne ag Gníomhaireacht na Lochanna i láthair ar bhonn 100% chun na hacmhainní iomlána atá fostaithe agus na costais ghaolmhara a léiriú, d’fhonn comhsheasmhacht a chinntiú leis na gníomhaireachtaí eile atá san áireamh sa Nóta seo.

^b Áirítear le líon na foirne do 2024 an fhoireann a bhí ag plé le feidhmeanna cibearshlándála agus cumarsáide a aistríodh chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus chuig an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt le héifeacht ón 1 Eanáir 2025.

5.2 Pá

Luach saothair na foirne uile (Roinn agus gníomhaireachtaí) ^a		
	2025	2024
	€000	€000
Pá	127,104	124,898
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	450	420
Liúntais eile	1,754	1,593
Ragobair	66	66
ÁSPC fostóra	13,147	12,661
Íocaíocht téarfa agus iomarcaíochta	23	34
	142,544	139,672

Luach saothair bhaill foirne na Roinne		
	2025	2024
	€000	€000
Pá	45,142	50,154
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	211	223
Ragobair	25	34
ÁSPC fostóra	4,403	4,873
Íocaíocht téarfa agus iomarcaíochta	23	34
Pá iomlán	49,804	55,318

Luach saothair bhaill foirne na Gníomhaireachta		
	2025	2024
	€000	€000
Pá	81,962	74,744
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	239	197
Liúntais eile	1,754	1,593
Ragobair	41	32
ÁSPC fostóra	8,744	7,788
Pá iomlán	92,740	84,354

Nóta ^a Baineann na socruithe luach saothair le comhpháirt an phá de na fo-cheannteidil A.1, A.3, B.1, B.3, C.1, C.5 agus C11. Áirítear leis na figiúirí seo airgead neamhvótáilte chun comhlíonadh na dtreoirlínte ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúchán Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (ciorclán 25 de 2025) a chinntiú.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí ar €10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair is mó	
			2025	2024
			€	€
Foireann na Roinne				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	41	8	25,364	32,051
Liúntais eile	—	—	—	—
Ragobair	11	—	6,409	6,138
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	3	—	2,245	9,034

	Líon faighteoirí	Faighteoirí ar €10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair is mó	
			2025	2024
			€	€
Foireann gníomhaireachta				
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	76	3	13,502	14,159
Liúntais eile	294	8	33,938	12,451
Ragobair	25	—	7,820	4,559
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	49	5	15,964	13,427

5.4 Bandaí pá fostaithe na Roinne

Seo a leanas an líon fostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair fostaí (lena n-áirítear bunphá, liúntais, ragobair; diomaite de ÁSPC an fhostóra, costais phinsin an fhostóra) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda €10,000 ó níos mó ná €60,000.

Bandaí pá (€)		Líon fostaithe	
Ó	Go	2025	2024
20,000	59,999	293	392
60,000	69,999	85	86
70,000	79,999	54	67
80,000	89,999	84	80
90,000	99,999	49	53
100,000	109,999	32	31
110,000	119,999	15	20
120,000	129,999	18	8
130,000	139,999	5	7
140,000	149,999	1	1
150,000	159,000	—	—
160,000	169,999	—	3
170,000	179,999	—	2
180,000	189,999	6	3
190,000	199,999	—	—
200,000	209,999	—	1
210,000	249,000	—	—
250,000	259,999	1	1

5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigh Cuntasaíochta

	2025	2024
	€000	€000
Bunphá Oonagh Buckley	258	250

Ní áirítear thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa bhliain. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina ball den scéim aoisliúntais a bhí ann i ndiaidh 1995 do státseirbhísigh bhunaithe, agus ní théann a teidlíochtaí ar shochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsin sin.

5.6 Socruithe eile maidir le luach saothair

Áirítear leis an gcuntas seo beirt státseirbhíseach ar scor a fuair íocaíocht trí chóras párolla na Roinne.

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €1.251 milliún i leith 15 oifigeach a bhí i mbun seirbhíse taobh amuigh den Roinn don bhliain iomlán nó do chuid de 2025 agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

Ní áirítear leis an gcuntas seo caiteachas i leith 15 oifigeach a bhí i mbun seirbhíse taobh amuigh den Roinn don bhliain iomlán nó do chuid de 2025 i Ranna/Oifigí Rialtais eile.

5.7 Téarbhadh

I rith 2025, d'fhág Comhairleoir Speisialta d'Aire na Roinne seo a phost agus fuair sé íocaíocht téarfa €18,602 agus íocaíocht iomarcaíochta €4,068. Bhí an íocaíocht seo ag teacht le téarmaí na socruithe téarfa a leagadh síos don 33ú Dáil.

5.8 Ró-íocaíochtaí párolla

amhail an 31 Nollaig	Líon faighteoirí	2025 €	2024 €
Ró-íocaíochtaí ^a	85	241,612	195,942
Pleananna aisghabhála atá i bhfeidhm	3	5,618	49,012

Nóta ^a Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) na figiúirí maidir le ró-íocaíochtaí agus aisghabhálacha tríd an bPríomhthuarascáil ar Ró-íocaíochtaí. Déanann ONSC, thar ceann na Roinne, socrú maidir leis an gcuid is mó de na ró-íocaíochtaí a bhaineann le pá fostaithe reatha agus bainistíonn sé iad, trí asbhaintí uathoibríocha nó trí phleananna aisghabhála comhaontaithe. Tá an chuid eile de na ró-íocaíochtaí i gcás oifigeach nach bhfuil ar an bpárolla a thuilleadh faoi fhreagracht AD DCEE, agus aisghabhtar trí phleananna aisghabhála iad.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Maoiniú AE

Áirítear san olltoradh a léirítear i bhfo-cheannteidil A.8, B.4, B.5, C.4 agus C.13 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag AE trí thionscadail éagsúla a leagtar amach thíos.

Fo-cheannteideal	Ciste AE	Toradh		Maoiniú a fuarthas	
		2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
A.7 An Ciste um Aistriú Cóir (IE&AE)	Ciste an Aontais Eorpaigh um Aistriú Cóir ^a	18,938	7,494	—	—
B.4 Iarfheistiú do thithíocht/don phobal	CFRE ^a	100,044	66,638	—	—
B.5 Cláir éifeachtúlachta fuinnimh eile	RePowerEU ^a	17,420	3,980	—	—
C.4 Suirbhé geolaíochta	LIFE Loch Ceara ^c	50	63 ^f	—	—
C.4 Suirbhé geolaíochta	Fís 2020 ERANET	122	141 ^f	14	—
C.4 Suirbhé geolaíochta	Fís 2020 EMODNET ^d	—	— ^f	119	21
C.4 Suirbhé geolaíochta	Fís 2020 GSEU ^d	31	32 ^f	36	37
C.4 Suirbhé geolaíochta	Interreg (GEMINI & Cherish) ^c	36	25 ^f	—	124
C.13 Muirthimpeallacht	Peace Plus ^e	488	—	—	—
I dteannta leis an méid thuas, fuarthas na méideanna seo a leanas i gcuntais fionraí agus íocadh astu iad					
Fionraí	NCC IE ^b	—	116	—	—
Fionraí	Cyber CORE Network ^b	—	27	—	—
Fionraí	TrustBoost ^b	—	—	—	158
Fionraí	LIFE 2020 Loch Ceara	61	147	—	72
Fionraí	Fís 2020 ERANET	—	40	—	143
Fionraí	Interreg GEMINI	20	—	—	—
Fionraí	LIFE (LMFC LIFE) ^e	457	—	—	—
Fionraí	FÍS2020 - Grúpa Gníomhaíochta Comhbheartaithe	4	2	20	—
Fionraí	LIFE (Ireland4LIFE)	—	—	128	—

- Nóta
- a

Tá an caiteachas a nochtar faoin gCiste um Aistriú Cóir de chuid an AE, faoi CFRE agus faoi REPowerEU (atá mar chuid de NRRP) ar fad mar chuid de na hiarratais íocaíochta níos leithne a chuirfidh Éire ina hiomláine faoi bhráid an AE. Déanfar aon chistí a gheofar ó na sruthanna maoinithe sin de chuid an Aontais Eorpaigh a chur ar ais go díreach chuig an Státchiste.

b

Aistríodh feidhmeanna cibearshlándála na Roinne chuig an Roinn Dlí agus Cirt an 1 Meitheamh 2025.

c

Áirítear leis an toradh costais foirne (párolla agus costais taistil agus chothaithe) a íocadh as Fo-cheannteidil C.1. agus C.2. (Riarachán)

d

Tá an maoiniú nasctha le torthaí in-seachadta agus níl sé bunaithe ar éilimh. Baineann an seachadadh le caiteachais foirne (párolla agus costais taistil agus chothaithe) cuimsítear i bhFo-cheannteidil C.1. agus C.2 é. (Riarachán)

e

An 1 Lúnasa 2025, aistríodh na feidhmeanna a bhaineann leis an Timpeallacht Mhuirí ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht chuig an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

f

Méideanna na bliana roimhe seo athráite i gcomhair cistí Fís AE, LIFE agus Interreg AE

6.2 Cúiteamh agus costais dlí

Íocaíochtaí/costais íoctha ag an Roinn sa bhliain	Éilimh ag		Iomlán 2025	Iomlán 2024
	Fostaithe	Daoine den phobal		
Líon na gcásanna	—	—	—	4
	€000	€000	€000	€000
Íocaíochtaí ón Roinn/thar ceann na Roinne				
Cúiteamh	—	—	—	—
Costais dlí	—	—	—	439
Iomlán 2025	—	—	—	439
Iomlán 2024	—	439		439

- Nóta
- a

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí 14 chás dlíthíochta ghinearálta gan réiteach.

6.3 Íocaíochtaí déanacha úis

	2025	2024
	€	€
Íocaíochtaí úis	28,114	30,588

6.4 Coistí, Coimisiúin agus Fiosrúcháin Speisialta

	Bliain an Cheapacháin	Caiteachas carnach go dtí deireadh 2024 €000	2025 €000	2024 €000
Coimisiún an Chiste um Aistriú Cóir ^a	2024	—	178	—

Nóta ^a Beidh fócaíochtaí eile ann a bhaineann leis an gCoimisiún.

6.5 Géilleadh iarchurtha

Le géilleadh iarchurtha cuimsítear coigiltis €77.011 milliún i gcaiteachas caipitiúil in 2025, faoi na fo-cheannteidil seo a leanas, a tugadh anonn go 2026.

	€000
B.4 Iarfheistiú do thithíocht/don phobal	65,011
B.5 Cláir éifeachtúlachta fuinnimh eile	12,000
	77,011

Nóta 7 Cuntais ilghnéitheacha

7.1 Ciste an Chláir um Bonneagar Peitrlíam

Ráiteas ar fháltais agus ar íocaíochtaí Chiste an Chláir um Bonneagar Peitrlíam don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025.

	2025	2024
	€000	€000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	3,491	6,037
Fáltais	—	—
Íocaíochtaí	(7)	(2,546)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	3,484	3,491

Bhunaigh an Roinn an Clár Bonneagair Peitrlíam (PIP) in 1997 chun gníomhaíochtaí taiscéalaíochta agus forbartha hidreacarbóin a chur chun cinn. Maoiníodh é trí ranníocaíochtaí ó chomhlachtaí a raibh údaruithe peitrlíam acu do limistéir amach ó chósta na hÉireann.

I ndiaidh ráiteas an Rialtais i mí Mheán Fómhair 2019, socraíodh clár PIP a fhoirceannadh de réir a chéile; dá bhrí sin, ón 1 Iúil 2021 ar aghaidh, ní eisítear aon iarratais nua ar ranníocaíochtaí bliantúla don chlár seo.

Déantar taifead ar fháltais gan íoc a bhaineann le ciste PIP ó íocaíochtaí ar eisíodh sonraisc ina leith roimh an dáta seo mar leithreasuithe i gcabhair, agus íoctar isteach sa chiste iad trí fhocheanteideal C.3.

Tá an ciste á riaradh faoi láthair ag an Oifig Rialála Geo-eolaíochta sa Roinn.

Tháinig laghdú suntasach ar íocaíochtaí ó chiste PIP i rith na bliana de bharr laghdú ar líon na dtionscadal taighde ar fhuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a rinneadh in 2025.

7.2 An Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh

Ráiteas ar fháltais agus ar íocaíochtaí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025.

	2025 Meastachán próifíle €000	2025 Iomlán €000	2024 €000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		31,021	55,935
Fáltais ó IEEI	—	308	—
Fáltais ó chreidmheasanna fuinnimh a cheannach thar barr amach	22,391	49,848	26,728
An Feachtas ‘Úsáid Níos Lú’	(750)	—	(805)
Cláir éifeachtúlachta fuinnimh do ghnólachtaí	—	(5,000)	(3,837)
Micrighiniúint neamh-intíre	—	(3,000)	—
Éifeachtúlacht fuinnimh chónaithe	(20,000)	—	—
An Scéim Iasachta Uasghrádaithe Fuinnimh Tí	—	—	(47,000)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		73,177	31,021

Éagsúlachtaí suntasacha

Leagtar amach thíos na cúiseanna atá le héagsúlachtaí suntasacha i gcaiteachas ar EENF (+/- 5% agus €100,000).

An Feachtas ‘Úsáid Níos Lú’

Meastachán próifíle €750,000; toradh €Nialas

Mar fhreagairt ar thosaíochtaí beartais atá ag athrú, d’aistrigh an feachtas ‘Úsáid Níos Lú’ a bhfócas in 2025 go dtí inacmhainneacht fuinnimh, agus chuir sé eolas tábhachtach poiblí in iúl faoi thacaíochtaí fuinnimh, trí bhealaí cumarsáide orgánacha atá neodrach ó thaobh costas de den chuid is mó.

Fáltais ó chreidmheasanna fuinnimh a cheannach thar barr amach

Meastachán próifíle €22.391 milliún; réadaithe €49.848 milliún

Tá sé deacair leibhéal an cheannaigh thar barr amach ar chreidmheasanna fuinnimh a mheas roimh ré. Baineann próiseas casta, faoi bhainistíocht SEAI, le cinneadh a dhéanamh ar na méideanna ceannaigh thar barr amach; cuimsíonn an próiseas sin céimeanna tuairiscithe, fíoraithe agus formheasta, chomh maith le malartú creidmheasanna fuinnimh idir páirtithe a bhfuil oibleagáidí EEOS orthu, agus deimhneofar na figiúirí deiridh in R2 2025.

Cláir éifeachtúlachta fuinnimh do ghnólachtaí

Meastachán próifíle €Nialas; olltoradh €5 mhilliún

Thug an tAire ceadú, faoi alt 10(2) de Rialachán an Aontais Eorpaigh (Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh), 2014 (I.R. 131/2014), chun €5 mhilliún ó EENF a úsáid chun maoiniú a chur ar fáil do scéimeanna caipitil gnó de chuid SEAI. Bhí miondealú an mhaoinithe mar a leanas: EXEED €2 mhilliún, an Scéim Tacaíochta le haghaidh Téamh In-athnuaite (SSRH) €1.5 milliún agus an Scéim Éifeachtúlachta Fuinnimh do Ghnólachtaí €1.5 milliún.

Micrighiniúint neamh-intíre (NDMG)

Meastachán próifíle €Nialas milliún; olltoradh €3 mhilliún

Thug an tAire ceadú, faoi alt 10(2) de Rialachán an Aontais Eorpaigh (Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh), 2014 (I.R. Uimh. 131/2014), chun €3 mhilliún a úsáid ó EENF chun maoiniú a chur ar fáil don scéim micrighiniúna neamh-intíre.

Éifeachtúlacht fuinnimh chónaithe

Meastachán próifíle €20 milliún; toradh €Nialas

Ceapadh an leithdháileadh seo mar mhaoiniú breise chun tacú leis an Scéim Tithe Níos Teo, ach, toisc gur lú ná mar a bhíothas ag súil leis an caiteachas ar an scéim, bhí an leithdháileadh don Vóta leordhóthanach chun freastal ar a riachtanas maoinithe.

Scéimeanna a ndéantar cómhaoiniú orthu idir EENF agus Vóta 29

	2025		
	B.5 Vóta	EENF	Iomlán
	€000	€000	€000
Éifeachtúlacht fuinnimh gnólachtaí	3,751	1,500	5,251
Fuinneamh In-athnuaite Gnó (an Scéim Tacaíochta le haghaidh Teas In-athnuaite)	2,454	1,500	3,954
Rannpháirtíocht an Tionscail (EXEED)	2,868	2,000	4,868
Micrighiniúint neamh-intíre	252	3,000	3,252
	9,325	8,000	17,325

Cúlra agus gníomhaíochtaí an Chiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (EENF)

Le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh), 2014 (I.R. 131 de 2014) ceadaíodh don Aire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, ciste ar a dtugtar an Ciste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (EENF) a bhunú.

Is iad cuspóirí an Chiste:

- tacú le cláir feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh agus bearta eile feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh a sheachadadh, agus
- forbairt margaidh do bhearta feabhsúcháin éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn.
- bochtaineacht fuinnimh a mhaolú.

Seoladh Ciste Éifeachtúlachta Fuinnimh na hÉireann i mí an Mhárta 2014 chun maoiniú a chur ar fáil do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, agus na critéir infheistíochta leagtha amach i ndoiciméid an Chiste. Bhí an tAire ina scairshealbhóir mionlaigh sa Chiste. Infheistíodh suim iomlán €14.03 milliún ó EENF in Ireland Energy Efficiency Investments plc (IEEI). Ba é maoiniú ón earnáil phríobháideach a bhí freagrach as an gcuid den infheistíocht a bhí beagán ní ba mhó tráth na chéad tarraingthe anuas, agus tá méadú tagtha air sin ón mbliain 2018 i leith, agus an tAire i seilbh 26.1% de. Tá ionadaíocht ag an Aire, mar aon leis na hinfheisteoirí eile, ar choiste comhairleach infheistíochta, agus faigheann na scairshealbhóirí uile tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais eatramhacha maidir le feidhmíocht IEEI.

Fuair an tAire, ina cháil mar scairshealbhóir, dáileacháin ó IEEI sna blianta 2021, 2022, 2023 agus 2025, arbh ionann iad agus €17.6 milliún san iomlán. Chuaigh IEEI plc faoi leachtú deonach in 2025, agus tá an leachtú fós ar siúl.

Úsáidtear an Ciste freisin chun glacadh le ranníocaíochtaí ó chomhlachtaí fuinnimh a bhfuil oibleagáid orthu (soláthraithe agus dáileoirí móra fuinnimh a dhíolann níos mó ná 400GWh d'fhuinneamh sa bhliain le custaiméirí deiridh) in ionad a gcuid spriocanna coigiltis fuinnimh faoin Scéim um Oibleagáid Éifeachtúlachta Fuinnimh (EEOS). Faoi I.R. 522 de 2022, leanfaidh an EEOS ar aghaidh go dtí an bhliain 2030. Aon ranníocaíochtaí a dhéanann cuideachtaí a bhfuil oibleagáid orthu faoi EEOS le EENF, i gcás ina gceannaíonn siad cuid den sprioc thar barr amach, ní mór don Aire iad a úsáid chun an méid céanna coigiltis fuinnimh a bhaint amach trí bhearta malartacha.

An Scéim Iasachta Uasghrádaithe Fuinnimh Tí

Le Clár an Rialtais, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus an Plean Náisiúnta Athfheistithe, tugadh gealltanais go dtabharfaí isteach scéim nua iasachta ar chostas íseal le haghaidh athfheistiú tithe cónaithe, i.e. an Scéim Iasachta Uasghrádaithe Fuinnimh Tí (HEULS). Tá an Scéim á stiúradh ag an Roinn agus á cur i gcrích ag Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI), le tacaíocht ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), ón gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI) agus ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), agus cuireadh tús léi i mí Aibreáin 2024.

Rinne an Roinn íocaíochtaí arbh fhiú €99.6 milliún iad san iomlán ón gCiste Náisiúnta Éifeachtúlachta Fuinnimh (EENF) chuig CEI agus SBCI araon chun na nithe seo a leanas a chlúdach:

- íocaíochtaí iasachta céadchailteanais a bhfuil coinne leo (is é sin, maoiniú tosaigh céadchailteanais, arna sholáthar ag an Roinn do SBCI agus do CEI araon chun mainneachtainí iasachta féideartha a chlúdach ar bhonn céadchailteanais faoi HEULS)
- fóirdheontas ar ráta úis (is é sin, an chuid sin de na cistí a chuir an Roinn ar fáil do SBCI, a úsáidfídh SBCI go heisiach chun a oibleagáid maidir leis an bhfóirdheontas ar ráta úis a íoc le soláthraithe airgeadais faoi HEULS a chomhlíonadh)
- Costais riaracháin CEI.

Tá anailís ar na suimeanna a d'íoc an Roinn as EENF i leith HEULS leagtha amach thíos.

	€000
Céadchailteanas	
Roimh 2025	
Íocaíochtaí a rinneadh le SBCI	12,000
Íocaíochtaí a rinneadh le CEI	48,000
Caillteanais iasachta arna dtabhú	—
Glanmhéid i seilbh CEI agus SBCI an 31 Nollaig 2024	60,000
2025	
Íocaíochtaí a rinneadh le SBCI	—
Íocaíochtaí a rinneadh le CEI	—
Caillteanais iasachta arna dtabhú	—
Glanmhéid i seilbh CEI agus SBCI an 31 Nollaig 2025	60,000
Fóirdheontas an ráta úis	
Roimh 2025	€000
Íocaíochtaí a rinneadh le SBCI	35,000
Cistí a úsáideadh	(15)
Glanmhéid ag SBCI an 31 Nollaig 2024	34,985
2025	
Íocaíochtaí a rinneadh le SBCI	—
Cistí a úsáideadh	(351)
Glanmhéid i seilbh SBCI an 31 Nollaig 2025	34,634
Costais riaracháin ^a	
Roimh 2025	€000
Íocaíochtaí a rinneadh le CEI	4,600
Cistí a úsáideadh	(496)
Glanmhéid i seilbh CEI an 31 Nollaig 2024	4,104
2025	
Íocaíochtaí a rinneadh le CEI	—
Cistí a úsáideadh	(456)
Glanmhéid i seilbh CEI an 31 Nollaig 2025	3,648

Ús tuillte ar thaiscí

Roimh 2025	€000
-------------------	-------------

Ar chistí i seilbh SBCI	489
-------------------------	-----

Ar chistí i seilbh CEI	1,757
------------------------	-------

Méid i seilbh CEI agus SBCI an 31 Nollaig 2024	2,246
---	--------------

2025

Ar chistí i seilbh SBCI	556
-------------------------	-----

Ar chistí i seilbh CEI	927
------------------------	-----

Méid i seilbh CEI agus SBCI an 31 Nollaig 2025	3,729
---	--------------

Cistí iomlána i seilbh CEI agus SBCI an 31 Nollaig 2025	102,011
--	----------------

Nóta ^a Íoctar costais riaracháin SBCI i riaráiste trí fho-cheannteideal B.14, an Scéim Ráthaíochta Iasachtaí um Iarfheistiú Cónaithe, sa Vóta, agus b'ionann iad agus €1.93 milliún in 2025.

Má sháraíonn cásanna mainneachtana an méid €60 milliún don chéadchailteanas atá íoctha cheana féin, ní bheidh aon dliteanas breise ar an Roinn ná ar EENF, agus is iad SBCI agus CEI a ghlacfaidh aon chailteanais bhreise orthu féin. Má bhíonn líon na mainneachtana níos ísle ná mar a réamh-mheastar, cuirfear aon chistí nár úsáideadh ar ais chuig an Roinn.

Déanfar aon mhaoiniú fóirdheontais ar ráta úis nár úsáideadh a thabhairt ar ais don Roinn ag deireadh na scéime. An 31 Nollaig 2025, b'ionann luach na n-iasachtaí a eisíodh agus €47.359 milliún; tarraingíodh €13.1 milliún de sin anuas roimh 2025 agus tarraingíodh €34.259 milliún anuas le linn 2025

Cé go bhféadfadh sé go mbeadh an maoiniú a íocadh le SBCI agus CEI i gcomhair na Scéime Uasghrádaithe Fuinnimh Baile le haisíoc leis an Roinn ag deireadh na scéime, ní féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar na cistí a d'fhéadfaí a aisíoc, i bhfianaise an easnaimh éileamh laistigh den phunann reatha agus i bhfianaise nach bhfuil punann inchomparáide ann.

Aguisín A Sceideal na dtailte agus na bhfoirgneamh

Tá lascach na Gaillimhe i gCathair na Gaillimhe agus lascach Abhainn Fhia/Abhainn tSocair i gContae Dhún na nGall faoi úinéireacht an Aire, agus déanann lascach Intíre Éireann bainistíocht ar an dá cheann acu.

Tá talamh i seilbh an Aire chun feabhsúchán na seanláithreán mianadóireachta in Abhóca agus i mBéal Átha Gabhann a éascú.

Tar éis cinneadh ón Rialtas i mí na Nollag 2023, aistríodh an fhreagracht as córas pleanála muirí na hÉireann go foirmiúil ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht chuig an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil an 14 Bealtaine 2024. Tuigeann an Roinn go n-áirítear leis an aistriú thuasluaite aistriú tailte áirithe atá suite i mBaile Uí Mhornáin, Contae na Mí, chuig an Aire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil.

Beidh gá le fiosrúcháin a dhéanamh chun cineál agus méid na maoine a luaitear thuas arb amhlaidh atá siad faoi úinéireacht an Aire agus an Stáit a dhearbhú, agus déanfar luacháil ar na sócmhainní sin.